RÚN (AE) 2023/1911 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0100/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 31 827 678 buiséad criochnaitheach Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Iarnróid (an 'Ghníomhaireacht') don bhliain airgeadais 2021, arb ionann é agus méadú 3,45 % i gcomparáid le 2020; de bhrí gur as buiséad an Aontais den chuid is mó a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2021 ('an tuarascáil ón gCúirt'), go bhfuil dearbhú réasúnta faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta beacht agus go bhfuil na hidirbhearta foluiteacha dlíthiúil rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. Ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, gurb é an toradh a bhí ar na hiarrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad le linn na bliana airgeadais 2021, ráta cur chun feidhme buiséid 99,82 % de leithreasuithe na bliana reatha, arb ionann é agus laghdú beag 0,16 % i gcomparáid le 2020; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann ráta forghníomhaithe na leithreasaí íocaíochta sa bhliain reatha agus 93,54 %, arb ionann é agus méadú 4,25 % i gcomparáid le 2020;

2. Ag tabhairt dá haire gurbh é EUR 69 638 an t-olltoradh buiséid in 2021, laghdú ó EUR 114 225 in 2020;

3. Ag aithint na ndúshlán a bhí roimh an nGníomhaireacht i bhfeidhmiú an bhuiséid in 2021, lena n-áirítear maidir leis na hiarrachtaí a rinneadh chun buiséad slándála TF de thart ar EUR 1,3 milliún, a shann an Coimisiún i mí na Bealtaine 2021 chun cumais slándála TF na Gníomhaireachta a neartú, a ionsú chomh tapa agus chomh héifeachtach agus is féidir; ag moladh na Gníomhaireachta as tuairim is 81 % den bhuiséad sin a chur chun feidhme in ainneoin na tréimhse ama teoranta;

4. Ag cur sonrú sa tuairisciú atá á dhéanamh ag an nGníomhaireacht ar an mbrú leanúnach atá ar a buiséad le blianta beaga anuas, mar gheall ar easpa foirne chun na cúraimí nua agus leathnaithe a tugadh isteach leis an 4ú Pacáiste Iarnróid a chumhdach; ag cur sonrú i bhfreagra na Gníomhaireachta, agus é ina ábhar imní di, go raibh uirthi ciorruithe níos suntasaí a dhéanamh gach bliain ar a buiséad oibríochtúil chun tuarastail a foirne a íoc; ag moladh na Gníomhaireachta as na bearta a glacadh chun éifeachtaí na neamhdhóthanachtaí sin a mhaolú, e.g. tríd an ráta in aghaidh na huaire a chuireann an Ghníomhaireacht i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le cúraimí an údaráis a mhéadú;

5. Á mheabhrú go bhfuil an buiséad is lú ag an nGníomhaireacht i measc na ngníomhaireachtaí iompair d'ainneoin na feidhmíochta comhshaoil den scoth agus na mbuntáistí eile a bhaineann le hiompar d'iarnród, a leag an Coimisiún síos mar cheann dá thosaíochtaí leis an bPlean Gníomhaíochta chun borradh a chur faoi iarnród fadraoin agus trasteorann do phaisinéirí; á athdhearbhú go dtacaíonn sí le méadú ar bhuiséad na Gníomhaireachta chun na hacmhainní is gá a chur ar fáil di chun a chur ar a cumas gníomhú mar údarás éifeachtúil agus a cúraimí a chomhlíonadh, go háirithe na cúraimí sin maidir le hiomaíochas a mhéadú, sábháilteacht agus idir-inoibritheacht trasteorann a fheabhsú;

([1]) IO C 162, 13.4.2022, lch. 5.

Feidhmíocht

6. Á aithint gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht gur baineadh amach 76,41 % dá clár bliantúil 2021 (i gcomparáid le 59,35 % in 2020); á chur in iúl gur geal léi an fíoras gur baineadh amach formhór na heochairtháscairí feidhmíochta a socraíodh faoin Doiciméad Clársceidealaithe Aonair (SPD) 2021–2023; ag tabhairt dá haire, áfach, nár baineadh amach fós roinnt eochairtháscairí feidhmíochta tábhachtacha, amhail iad siúd a bhaineann le hiniúchadh comhionannais inscne, le clabhsúr a chur ar thorthaí iniúchóireachta réamh-2021 (12 as 14 ghníomhaíocht a osclaíodh ag tús 2021 a cuireadh siar go 2022) agus láithreacht na mban in earnáil an iompair;

7. Ag cur sonrú i gcuid de na príomhéachtaí a rinne an Ghníomhaireacht in 2021, amhail seachadadh tráthúil líon méadaitheach d'Údaruithe Feithicle (1260), Deimhnithe Sábháilteachta Aonair (41) agus Formheasanna taobh riain ERTMS (2), suirbhé uaillmhianach maidir leis an timpeallacht sábháilteachta a thabhairt chun críche, arb é is aidhm dó cultúr dearfach sábháilteachta a fhorbairt san earnáil iarnróid (le 100 eagraíocht rannpháirteach agus 46 500 freagra ar an iomlán), an Clár Eorpach d'Fheithiclí a imscaradh i dtimpeallacht táirgeachta agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bpacáiste STI faoi 2022; á chur in iúl gur geal léi trasuí iomlán cholún teicniúil an 4ú Pacáiste Iarnróid i mBallstáit uile an Aontais agus á mheabhrú a thábhachtaí atá sé ERTMS a thabhairt chun críche faoi 2030 mar ábhar práinne;

8. Ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar bharúlacha urscaoilte na bliana seo caite, go ndearna an Ghníomhaireacht a SPD a aistriú ó chóras bliantúil agus aschur-dírithe go córas ilbhliantúil atá dírithe ar thorthaí, ina mbeidh, ina chroílár, cur i bhfeidhm na loighce idirghabhála ar fud thimthriall 'Plean-Déan-Seiceáil-Gníomhaigh' na Gníomhaireachta, eochairtháscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar thoradh agus ar thionchar (an breisluach ar an gcóras iarnróid), chomh maith le Deais SPD a chomhroinnfear go rialta le Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta le haghaidh rialachas fianaise-bhunaithe na Gníomhaireachta;

9. Á mheabhrú, tar éis trasuíomh iomlán Cholún Teicniúil an 4ú Pacáiste Iarnróid ag deireadh 2020, gur tugadh roinnt cúraimí nua don Ghníomhaireacht a raibh méadú suntasach ar an ualach oibre i gceist leo; ag tabhairt dá haire go bhfuil Plean um Neartú forbartha ag an nGníomhaireacht i gcomhar leis an gCoimisiún agus go ndearna sí beart tosaíochta *ad hoc* chun déileáil níos fearr leis an ualach oibre nua;

10. Ag moladh iarracht leanúnach na Gníomhaireachta feabhas a chur ar a héifeachtúlacht agus ar cur i bhfeidhm a buiséad trína plean um neartú a dréachtaíodh in 2021; ag tabhairt dá haire go bhfuil an plean um neartú bunaithe ar roinnt colún, amhail bailiú sonraí agus trédhearcacht a chomhdhlúthú tuilleadh trí fhaireachán treisithe agus cultúr feidhmíochta sonraíbhunaithe; ag iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá sineirgí a fhorbairt (mar shampla acmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil), comhar agus malartú dea-chleachtas le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú;

11. Á chur in iúl gur geal léi an fíoras gur lean an Ghníomhaireacht dá cúraimí a chur i gcrích go rathúil i réimse na hidir-inoibritheachta, na sábháilteachta agus an chomhchuibhithe iarnróid an Aontais; á chur in iúl gur geal léi tiomantas leanúnach na Gníomhaireachta don chuspóir Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a chruthú agus nascacht iompair iarnróid a fheabhsú; ag tabhairt dá haire go bhfuil ról tábhachtach ag an iarnród maidir le taisteal agus lasta inbhuanaithe a áirithiú ar fud an Aontais ar feadh na mblianta atá le teacht, agus á chur i bhfáth, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá obair na gníomhaireachta i ndáil leis an méid sin;

12. Á mheabhrú gurbh é 2021 Bliain Eorpach an Iarnróid freisin, agus á thabhairt chun suntais go bhfuil an t-iarnród ar cheann de na modhanna iompair is inbhuanaithe, is nuálaí agus is sábháilte atá ar fáil; ag tabhairt dá haire, mar chuid de Bhliain Eorpach an Iarnróid, gur thaistil traein speisialta an Aontais ar fud na mór-roinne a stopadh i mbreis agus 100 cathair i 26 thír agus gur léiríodh leis an tionscnamh sin acmhainneacht an iarnróid, chomh maith lena bhfuil bainte amach aige maidir le hiarnróid idir-inoibritheacha a fhorbairt ar fud na hEorpa, mar aon leis an tábhacht a bhaineann le deireadh a chur le haon cheann de na bacainní trasteorann atá fós ann;

13. Á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú straitéiseach na Gníomhaireachta i réimse na rialacha náisiúnta; ag moladh na hoibre fairsinge a rinne an Ghníomhaireacht in 2021 chun measúnú a dhéanamh ar na Rialacha Náisiúnta um Údarú Feithicle (VA) agus á chur in iúl go bhfuil sí ag tnúth le bailchríoch a chur ar an measúnú do na Ballstáit eile in 2022, chomh maith leis na torthaí ó thaobh laghdú na rialacha sna blianta amach romhainn;

14. Ag tathant go mbeidh cur i gcrích chroíghréasán iarnróid TEN-T ina phríomhthosaíocht; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht nua ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) d'infheistíocht san iarnród, agus bearta chun an bealach a réiteach d'athbheochan an iarnróid;

15. Ag moladh don Ghníomhaireacht breithniú a dhéanamh ar bhearta chun cáilíocht na seirbhísí don iompar d'iarnród a fheabhsú;

Beartas foirne

16. Á thabhairt dá haire, amhail an 31 Nollaig 2021, go raibh 98 % den phlean bunaíochta curtha i bhfeidhm agus go raibh 148 ghníomhaire sealadacha ceaptha as 151 ngníomhaire sealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 148 bpost údaraithe in 2020); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur oibrigh 34 ghníomhaire ar conradh (as 36 gníomhaire údaraithe) agus 2 shaineolaí náisiúnta ar iasacht (as 4 shaineolaí údaraithe) don Ghníomhaireacht in 2021;

17. Ag cur sonrú san easpa cothromaíochta inscne laistigh de bhainistíocht shinsearach na Gníomhaireachta, le 7 as 9 (77,78 %) ina bhfir; ag cur sonrú sa dáileadh inscne laistigh de bhord bainistíochta na Gníomhaireachta, gur fir iad 28 as 49 (57,14 %); ag cur sonrú, thairis sin, sa dáileadh inscne laistigh d'fhoireann fhoriomlán na Gníomhaireachta, inar fir iad 125 as 192 (65 %); ag aithint obair leanúnach na Gníomhaireachta chun an bhearna idir na hinscní a dhúnadh, le tionscadail shonracha amhail 'Mná in earnáil an iompair' chun fostaíocht na mban agus comhdheiseanna in earnáil an iompair a neartú; ag aithint na hiarrachta a rinne an Ghníomhaireacht an teilea-obair agus an chothromaíocht gheografach san earcaíocht a neartú; á mheabhrú go mbaineann easnaimh nós imeachta i nósanna imeachta earcaíochta an bonn de phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne; ag iarraidh ar an nGníomhaireacht feabhas a chur ar a nós imeachta earcaíochta inmheánach chun próisis mheastóireachta agus fógraí folúntais a shoiléiriú; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé beartas fadtéarmach AD a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil, treoir ar feadh an tsaoil agus forbairt ghairme agus earcaíocht agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas;

18. Ag tabhairt faoi deara go bhfuil straitéis nua Acmhainní Daonna ag an nGníomhaireacht (2023–2027) arb é is aidhm di tiomantas fadtéarmach a chothú agus iomlaoid i measc na foirne a laghdú; á thabhairt chun suntais go ndéanfar gach gníomhaíocht tosaíochta a shainaithnítear chun cothromaíocht inscne agus comhdheiseanna a áirithiú a sheachadadh i sineirgíocht leis an straitéis sin agus ag iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir lena cur chun feidhme leanúnach; ag tabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht tús in 2021 lena haistriú chuig uirlis SYSPER chun bainistiú a dhéanamh ar a hacmhainní daonna atá beartaithe le cur i bhfeidhm ag tús 2022;

19. Ag tabhairt dá haire go raibh méadú beartaithe ag an gCoimisiún ar phlean bunaíochta na Gníomhaireachta ó 2023 ar aghaidh, nach raibh méadú comhfhreagrach ar leithdháileadh fóirdheontais ag gabháil leis; á mheabhrú go bhfuil iarrachtaí suntasacha á ndéanamh ag an nGníomhaireacht cheana féin chun teacht leis an leibhéal uaillmhéine is gá chun cuspóirí beartais an Choimisiúin a bhaint amach go héifeachtach faoi na srianta buiséadacha atá ann faoi láthair; á thabhairt chun suntais gur thuairiscigh roinnt fostaithe ragobair shuntasach in 2021; á aithint go gcuirtear i bhfios go láidir leis sin go bhfuil neamhréir idir na hacmhainní agus na riachtanais ar an láthair; á chur i bhfios gur gá cothromaíocht chuí oibre is saoil a choinneáil laistigh den fhoireann chun cúraimí na Gníomhaireachta a chomhlíonadh ar bhealach sásúil;

20. Ag cur sonrú sna saincheisteanna a thabhaigh baill foirne na Gníomhaireachta atá ag lorg cúraim sláinte sa Fhrainc, ós rud é nach nglacann údarás náisiúnta na Fraince leo a bheith cleamhnaithe leis an gcóras sláinte náisiúnta;

21. Ag tabhairt dá haire, idir 2020 agus lár 2022, gur tuairiscíodh ceithre chás ciaptha laistigh den Ghníomhaireacht agus gur cuireadh triúr dá baill foirne ar an gclár; á thabhairt dá haire, mar sin féin, nach ndearnadh aon imscrúduithe agus nár tugadh aon chásanna os comhair cúirte; á mholadh don Ghníomhaireacht a beartais agus a modhanna a fhorbairt tuilleadh chun cásanna den sórt sin a chosc ar bhealach níos éifeachtúla amach anseo;

Soláthar

22. Ag tabhairt dá haire gur tugadh an plean soláthair bunaidh cothrom le dáta i rith na bliana trí EUR 350 000 a chur leis le haghaidh glao nua ar thairiscintí agus EUR 228 000 le haghaidh creatchonradh leasaithe; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht 4 ghlao oscailte ar thairiscintí, 4 nós imeachta idirbheartaithe agus 2 athoscailt iomaíochta in 2021;

23. Á mheabhrú go bhfuil sainordú ag an nGníomhaireacht riachtanais na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a chur san áireamh; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte in 2020 gur cheart don Ghníomhaireacht rialuithe éifeachtacha a thabhairt isteach chun stádas FBM na n-iarratasóirí a sheiceáil; ag moladh na mbeart leanúnach ón nGníomhaireacht chun moladh na Cúirte a chur chun feidhme, amhail an fhaisnéis maidir leis na coinníollacha sonracha do FBManna a dhéanamh infheicthe go soiléir do na hiarratasóirí, lena n-áiritheofar go gcumasófar féindearbhú d'iarratasóirí a dhearbhaíonn iad féin mar FBManna agus lena n-áiritheofar go mbeidh sreabhadh oibre i bhfeidhm chun na seiceálacha bunaithe ar an bhfianaise a chuirtear ar fáil a phróiseáil;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

24. Á thabhairt dá haire gur fhoilsigh an Ghníomhaireacht CVanna agus dearbhú leasanna de chuid chomhaltaí an bhoird bainistíochta agus de chuid a luchta bainistíochta sinsearaí ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire go bhfuil CVanna 2 as 49 gcomhalta den bhord bainistíochta ar iarraidh; á thabhairt dá haire nach bhfoilsíonn an Ghníomhaireacht CVanna saineolaithe seachtracha ná saineolaithe inmheánacha;

25. Á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Gníomhaireachta trédhearcacht ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a fheabhsú trí fhaisnéis a fhoilsiú go tráthrialta ar a suíomh gréasáin faoi na cruinnithe uile a thionólann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin le heagraíochtaí nó le daoine féinfhostaithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta; ag iarraidh ar an nGníomhaireacht a bheith rannpháirteach sa chomhaontú idirinstitiúideach nuabhunaithe maidir le clár trédhearcachta éigeantach d'ionadaithe leasa, arna shíniú ag an gCoimisiún, ag an gComhairle agus ag an bParlaimint;

Rialú inmheánach

26. Ag tabhairt faoi deara, tar éis bharúlacha an údaráis um urscaoileadh in 2020, go bhfuil an Ghníomhaireacht, chun gné rialaithe a córais bainistíochta inmheánaí a neartú, tar éis aistriú i dtreo córas atá dírithe ar an gCreat Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar threoirlínte an Choimisiúin, agus go raibh an caighdeán idirnáisiúnta ISO 9001:2015 fós ina thagairt thánaisteach le céimniú amach in 2022;

27. Ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht an measúnú bliantúil ar a Creat Rialaithe Inmheánaigh, inar thángthas ar an gconclúid go bhfuil an Ghníomhaireacht i gcomhréir ar an iomlán le roinnt réimsí le haghaidh feabhsuithe breise; ag tabhairt dá haire go ndéanfar faireachán ar na gníomhaíochtaí leantacha bunaithe le linn 2022; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh an Ghníomhaireacht faoi réir iniúchadh faireachais chun a fhíorú go bhfuil próisis na Gníomhaireachta ag comhlíonadh na gceanglas ISO, gan aon neamh-chomhréireachtaí arna sainaithint ag an gcomhlacht deimhniúcháin;

28. Ag tabhairt dá haire go ndearna Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach na gCoimisiún (IAS) measúnú riosca chun réimsí le haghaidh iniúchtaí ionchasacha a shainaithint don Ghníomhaireacht sna blianta amach romhainn (2021–2023); ag tabhairt dá haire gur sainaithníodh trí ábhar iniúchóireachta sa mheasúnú riosca, eadhon pleanáil straitéiseach agus faireachán, rialachas TF, agus cur chun feidhme an 4ú Pacáiste Iarnróid; ag tabhairt dá haire go ndearnadh an chéad iniúchadh, gur seoladh an tuarascáil iniúchóireachta chríochnaitheach chuig an nGníomhaireacht i mí an Mhárta 2022 agus gur comhaontaíodh plean gníomhaíochta le IAS;

29. Á mheabhrú go ndearna IAS iniúchadh ar Bhainistiú Faisnéise agus ar Shlándáil Faisnéise in 2019; ag tabhairt dá haire go raibh dhá mholadh sa tuarascáil deiridh ar mheas IAS go raibh siad an-tábhachtach maidir le creat rialachais sonraí agus leanúnachas TF agus slándáil fhisiciúil; á thabhairt chun suntais gur socraíodh dáta cur chun feidhme foirmiúil athbhreithnithe na moltaí sin go dtí deireadh 2022; ag iarraidh ar an nGníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don údarás buiséadach maidir leis an dul chun cinn atá déanta ina leith sin;

30. Ag tabhairt dá haire gur cláraíodh 35 neamhchomhréireacht in 2021, agus gur tháinig laghdú ar roinnt neamhchomhlíonadh airgeadais i gcomparáid leis na blianta roimhe sin;

31. Ag tabhairt dá haire gur oscail OLAF imscrúdú inmheánach in 2021, atá fós ar siúl; ag iarraidh ar an nGníomhaireacht toradh an imscrúdaithe a thuairisciú don údarás buiséadach; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a thabhairt dá haire go bhfuil ráta rannpháirtíochta na hoiliúna frithchalaoise agus eitice íseal cé go bhfuil siad éigeantach; ag moladh don Ghníomhaireacht feabhas a chur ar rátaí rannpháirtíochta na seisiún oiliúna sin chun feabhas a chur ar na teicnící braite agus chun baill foirne a spreagadh chun aon amhras faoi chalaois a thuairisciú;

Digitiú agus an t-aistriú glas

32. Ag aithint go bhfuil leibhéal an-ard digitithe bainte amach ag an nGníomhaireacht ina sreabhadh oibre; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Ghníomhaireacht ina ball gníomhach de mheitheal Thionscadal Ríomhsholáthair an Choimisiúin, atá curtha chun feidhme go hiomlán beagnach; á chur in iúl gur geal léi ról na Gníomhaireachta ó 2021 mar cheann de na trí ghníomhaireacht phíolótacha a d'aistrigh ó fheidhmchlár ABAC TF airgeadais go dtí an SUMMA nua; á chur in iúl gur geal léi an fíoras gur thug an Ghníomhaireacht, a bhain tairbhe as tacaíocht thiomnaithe an Choimisiúin in 2021, bearta luachmhara isteach chun a cibearshlándáil a neartú, amhail gníomhaíochtaí ceartaitheacha lena dtugtar aghaidh ar leochaileachtaí i roinnt córas TF, tástálacha treáite dá córais TF, nós imeachta rialuithe slándála do chórais TF seachfhoinsithe, chomh maith le seisiúin feasachta slándála TF tréimhsiúla dá foireann uile; ag tabhairt dá haire, dá bharr sin, gur tharla ionsaithe cibearshlándála ar an nGníomhaireacht in 2021 go pointe níos ísle ná mar a tharla in 2020; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil an Ghníomhaireacht ag comhoibriú le EASA chun saineolas a roinnt maidir le córas TF seanbhunaithe chun faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis sábháilteachta san eitlíocht; ag moladh don Ghníomhaireacht oibriú i ndlúthchomhar le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil);

33. Á chur in iúl gur geal léi tiomantas agus iarrachtaí leanúnacha na Gníomhaireachta an inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar spéise di, gur chuir an Ghníomhaireacht straitéis thiomnaithe chomhshaoil san áireamh i ndréacht-SPD 2023 i gcomhréir le tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais agus leis an gcomhthéacs eacnamaíoch reatha; ag iarraidh ar an nGníomhaireacht sprioc laghdaithe CO_2 a leagan síos ina clár oibre agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi thabhairt isteach éifeachtach na straitéise comhshaoil;

Leanúnachas gnó feadh na géarchéime

34. Ag tabhairt dá haire óna tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí do 2021 gur fhreagair an Ghníomhaireacht go tráthúil agus go leormhaith do phaindéim COVID-19, i ndáil lena foireann agus lena socruithe oibre araon, agus leis an earnáil iarnróid; ag tabhairt dá haire, maidir lena freagairt i ndáil leis an mbeartas foirne, gur thacaigh an Ghníomhaireacht le cur i bhfeidhm na teilea-oibre maidir leis an bhfoireann uile le roinnt beart atá faoi cheangal a bheith ina ngnáthamh nua, amhail bandaleithead an naisc sonraí a mhéadú agus nascacht chianda VPN a bharrfheabhsú do bhaill foirne a oibríonn ón mbaile; ag moladh don Ghníomhaireacht na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le cianmhodhanna oibre agus modhanna oibre hibrideacha a chur i bhfeidhm, chun cruinnithe agus cúraimí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla a eagrú ar bhealach níos éifeachtaí ná iad féin a dhéanamh go pearsanta amach anseo; ag tabhairt dá haire freisin, maidir leis an bhfreagairt ar an bpaindéim i ndáil leis an earnáil iarnróid, gur ullmhaigh an Ghníomhaireacht tuarascáil maidir le 'Travel safety during COVID-19 for passengers travelling long distance by train and other modes' [Sábháilteacht taistil le linn COVID-19 do phaisinéirí atá ag taisteal fadraoin ar thraein agus modhanna eile] agus gur eagraigh sí seimineár gréasáin maidir le Post pandemic Recovery of Rail Transport [Téarnamh Iarphaindéime Iompair Iarnróid];

Barúlacha eile

35. Ag cur sonrú i dtreocht leanúnach na Gníomhaireachta na costais a bhaineann le háitribh dhúbailte a laghdú, in Lille agus Valenciennes, agus a cuid oibríochtaí a dhíriú in aon áit amháin; ag tabhairt dá haire, go háirithe, go bhfuil gealltanas tugtha ag an nGníomhaireacht gan an conradh léasa le haghaidh an áitribh in Lille a athnuachan agus an taisteal chuig Lille a theorannú do chruinnithe éigeantacha;

36. Ag tabhairt dá haire, mar gheall ar fhorbairt na Gníomhaireachta ina húdarás de chuid an Aontais, nach gcomhlíonann foirgneamh cheanncheathrú reatha na Gníomhaireachta in Valenciennes na ceanglais is gá a thuilleadh chun freastal ar fhoireann agus ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta;

37. Á chur i bhfáth nach mór d'institiúidí uile AE an rialáil airgeadais agus na hardchaighdeáin bhainistíochta a urramú;

38. I gcás barúlacha eile de chineál trasghearrtha a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, tagraíonn sé dá rún 10 Bealtaine 2023 ([2]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.